An Roinn Oideachais
Department of Education

2024/2025

# AN ROINN OIDEACHAIS

# AN SCÉIM DEONTAS TEAGASC BAILE

**FAISNÉIS ÍOCAÍOCHTA DO THUISMITHEOIRÍ/DO CHAOMHNÓIRÍ DLÍTHIÚLA AGUS DO THEAGASCÓIRÍ** (V1.1 D. FOMHAIR 2024)

## Clár Ábhar


1. Réamhrá ... 2
2. Coinníollacha le haghaidh teagasc a sholáthar ... 2
3. Socruithe Íocaíochta ... 3
4. Rátaí Íocaíochta ... 4
   4.1. Ráta Caighdeánach na Scéime Deontas Teagasc Baile: ... 4
   4.2 Ráta Athraithe na Scéime Deontas Teagasc Baile: ... 4
5. Asbhaintí a dhéantar ó íocaíochtaí teagaisc ... 5
   5.1. ÍMAT ... 5
   5.2. MSU ... 6
   5.3. ÁSPC ... 6
6. Ró-íocaíochtaí ... 6
7. Stádas Fostaíochta ... 6
8. Gealltanais agus Coinneáil Taifead ... 6
9. Mionsonraí Teagmhála ... 7
10. Aguisín A – Dátaí Íocaíochta ... 8
11. Aguisín B - Dátaí Neamh-Iníoctha ... 9

## 1. Réamhrá

Is é cuspóir na scéime deontas teagasc baile seo cistiú a chur ar fáil le haghaidh seirbhís chúiteach oideachais a sholáthar do leanaí nach bhfuil in ann freastal ar an scoil ar roinnt cúiseanna sonracha. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, **nach rogha eile ar shocrúchán scoile** í an scéim deontas teagasc baile agus nach soláthraítear í ach amháin in imthosca an-teoranta an-sonrach.

Ní ghníomhaíonn an Roinn ach amháin mar ghníomhaire párolla thar ceann an tuismitheora/an chaomhnóra dhlíthiúil maidir le híocaíochtaí a dhéanamh faoin scéim deontas teagasc baile. Ní bhunaíonn sé sin aon chaidreamh conarthach idir an teagascóir agus an Roinn.

Ní eiseoidh an Roinn íocaíocht i leith teagasc ceadaithe a sholáthraíonn teagascóir atá ainmnithe go sonrach ach amháin de réir na mionsonraí atá leagtha amach sa litir ceadaithe. **Ní mór don tuismitheoir/don chaomhnóir dlíthiúil an teagascóir ceadaithe nó na teagascóirí ceadaithe a chur ar an eolas faoina bhfuil sa litir ceadaithe, lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha, roimh thús an teagaisc**.

Moltar do theagascóirí eolas a chur ar théarmaí agus coinníollacha na scéime deontas teagasc baile, mar atá leagtha amach (de réir mar is infheidhme) i gciorcláin **0050/2024** (leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu), **0061/2024** (daltaí atá ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas), **0060/2024** (leanaí nach bhfuil áit scoile acu) agus **0062/2024** (leanaí faoi chúram) ón Roinn Oideachais agus sa litir ceadaithe.

## 2. Coinníollacha le haghaidh teagasc a sholáthar

Is iad seo a leanas na coinníollacha a bhaineann le teagasc a sholáthar:

- Ní ceadmhach teagasc a sholáthar ach amháin ón Luan go dtí an Aoine, agus an dá lá sin san áireamh, idir 9am agus 6pm.
- Ní ceadmhach teagasc a sholáthar ach amháin ar bhonn duine le duine (is féidir go mbeidh eisceachtaí ann i gcás siblíní) agus i mbaile an dalta.
- Ní ceadmhach teagasc a sholáthar ar laethanta saoire bainc.
- I gcás **neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas**, féadfar teagasc a sholáthar de réir mar a theastaíonn ón dalta. Féadfar leas a bhaint as teagasc le linn seachtaine ina bhfuil dalta ag freastal ar scoil agus/nó le linn seachtainí nach bhfuil an dalta in ann freastal ar scoil iontu. Ní ceadmhach teagasc a sholáthar faoin scéim seo ag an deireadh seachtaine ná ar laethanta saoire bainc.
- **Féadfaidh** an dalta 5 huaire an chloig ar a mhéad de theagasc a fháil gach lá.
- **Féadfaidh** an teagascóir 8.5 uair an chloig ar a mhéad de theagasc a sholáthar gach lá.
- **Ní fhéadfar dul thar** an líon uaireanta atá ceadaithe **ar aon chúis**. **Ní fhéadfar** aon uaireanta neamhúsáidte **a thabhairt ar aghaidh**. Ní mór don tuismitheoir/don chaomhnóir dlíthiúil **agus** don teagascóir a chinntiú nach n-éileofar ach na huaireanta ceadaithe a críochnaíodh i ngach tréimhse íocaíochta. Ní íocfar uaireanta neamhcheadaithe nó neamhbhailí. **Ní eiseofar aon fhógra nuair a tharlóidh sé sin**.
- Faoin scéim deontas teagasc baile, ní dhéantar íocaíocht ach amháin i leith an teagaisc a sholáthraítear. **NÍ** sholáthraítear aon íocaíocht i leith na nithe seo a leanas:
    1. Costais taistil a thabhaigh an teagascóir.
    2. Speansais i leith aon acmhainní, aon trealaimh nó aon oibre ullmhúcháin a bhain leis an teagasc a sholáthar.

3. Teagasc a tairgeadh ach nár bhain an dalta leas as ar aon chúis.
4. Pá breoiteachta.
5. Pá saoire.
6. Aon tréimhse nach bhfuil teagasc **réamhcheadaithe** inti.

## 3. Socruithe Íocaíochta

- Eiseofar íocaíochtaí faoin scéim deontas teagasc baile don scoilbhliain 2024/25 thar **dhá thréimhse íocaíochta dhéag** (féach Aguisín A). Eiseofar íocaíochtaí go díreach chuig an teagascóir ceadaithe tríd an bpárolla a oibríonn an Roinn seo do Bhaill Foirne Neamhtheagaisc. Eiseofar an íocaíocht go díreach isteach i gcuntas ainmnithe an teagascóra trí aistriú leictreonach cistí.

- Iarrtar ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí dlíthiúla agus ar theagascóirí cloí leis na tréimhsí íocaíochta agus íocaíocht a lorg de réir mar a ordaítear. I gcás go bhfaighfear éileamh íocaíochta i leith níos mó na tréimhse íocaíochta amháin ar an aon fhoirm amháin nó ar roinnt foirmeacha éagsúla ag an aon am amháin, beidh na héilimh sin ar na héilimh is deireanaí a phróiseálfar. **Níl aon ráthaíocht ann go bpróiseálfar iad sa bhabhta íocaíochta ar lena linn a fuarthas iad**.

- Chun go bhféadfar íocaíocht a eisiúint, ní mór don iarratasóir – i.e., an tuismitheoir/an caomhnóir dlíthiúil – agus don teagascóir araon foirm éilimh íocaíochta a chomhlánú go cuí agus a shíniú.

- I gcás go mbeidh íocaíocht á héileamh i leith neamhláithreacht a bhaineann le máithreachas, féadfaidh an dalta (18 mbliana d’aois nó níos sine) an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú i gcás gurb ionann an dalta agus an duine chuig ar eisíodh an litir ceadaithe. Ní mór don teagascóir an fhoirm a shíniú freisin.

- Chun an spriocdháta le haghaidh íocaíocht a éileamh a chomhlíonadh do gach tréimhse, ní mór na foirmeacha atá comhlánaithe go cuí a bheith faighte sa Roinn faoin Máirt ina dhiaidh sin nó, i gcás seachtain ina bhfuil lá saoire bainc, faoin gCéadaoin tar éis dheireadh na tréimhse íocaíochta. Is féidir foirmeacha éilimh íocaíochta a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: gov.ie - Teagasc Baile (www.gov.ie). Tá na tréimhsí íocaíochta uile leagtha amach go soiléir ar na foirmeacha éilimh íocaíochta.

- Déanfaidh an Roinn dianiarracht na héilimh íocaíochta a phróiseáil ar an mbealach is tapa agus is éifeachtúla is féidir, agus éilimh á bpróiseáil de ghnáth laistigh de **thréimhse ceithre seachtaine** ón **dáta a fuarthas foirm éilimh atá comhlánaithe go cuí**. Mar sin féin, is féidir go seolfar an fhoirm éilimh ar ais chuig an tuismitheoir/chuig an gcaomhnóir dlíthiúil agus go gcuirfear moill ar an íocaíocht a dhéanamh mar thoradh ar na hearráidí seo a leanas:

    1. Foirmeacha a cuireadh isteach roimh an dáta a críochnaíodh an teagasc.
    2. Foirmeacha ar ar úsáideadh Tipp-Ex nó sreabhán ceartaitheach eile.
    3. Foirmeacha atá neamhiomlán nó foirmeacha nár comhlánaíodh de réir na dtreoracha atá tugtha ar leathanach a haon den fhoirm.
    4. I gcás nár freagraíodh ‘tá’ nó ‘níl’ ar Chuid A, ceist 5, maidir le híocaíochtaí pinsin.
    5. Foirmeacha nach bhfuarthas **ar an spriocdháta nó roimhe** (féach Aguisín A)

**NÓTA: Ní ceadmhach**:

- Don tuismitheoir/don chaomhnóir dlíthiúil/don dalta, nuair is infheidhme, an fhoirm éilimh a shíniú don teagascóir ná thar a c(h)eann.
- Don teagascóir ceadaithe an fhoirm éilimh a shíniú don tuismitheoir/don chaomhnóir dlíthiúil/don dalta ná thar a c(h)eann.

- Chun mionsonraí a fháil faoi dhátaí eisiúna íocaíochta an deontais teagasc baile, féach **Aguisín A – Dátaí Íocaíochta**.

- Chun mionsonraí a fháil faoi laethanta agus seachtainí neamh-iníoctha, féach **Aguisín B – Dátaí Neamh-Iníoctha**.

**Mionsonraí Bainc:**

- Ní choimeádann an Roinn ach mionsonraí faoi **chuntas bainc amháin do gach teagascóir, beag beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an teagascóir ar níos mó ná párolla amháin**. Más rud é nach bhfuair an teagascóir aon íocaíocht riamh ón Roinn nó gur tháinig athrú ar na mionsonraí a choimeád an Roinn roimhe sin faoi chuntas bainc an teagascóra, comhlánaigh an *Fhoirm um Mionsonraí Bainc Teagasc Baile*, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: Foirm um Mionsonraí Bainc

- **Ní íocann** an Roinn Oideachais teagascóirí atá fostaithe ag an n**Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)**. Is go díreach le Tusla a íocann an Roinn seo an deontas teagasc baile sin. Ba cheart do theagascóirí atá fostaithe ag Tusla teagmháil a dhéanamh le Tusla chun na socruithe íocaíochta a bhunú nuair a liostálann Tusla iad chun teagasc baile a sholáthar.

## 4. Rátaí Íocaíochta

Is é an ráta is iníoctha leis an teagascóir ná an ráta sin atá luaite sa litir ceadaithe a eisíodh chuig an tuismitheoir/chuig an gcaomhnóir dlíthiúil.

Tá dhá bhanda rátaí íocaíochta ann don Scéim Deontas Teagasc Baile. Tá na bandaí sin bunaithe ar cháilíochtaí an teagascóra atá fostaithe ag an tuismitheoir/ag an gcaomhnóir dlíthiúil. Tugtar an ráta caighdeánach agus an ráta athraithe ar na rátaí.

Is mar a leanas atá na rátaí deontais is infheidhme faoi láthair:

**4.1. Ráta Caighdeánach na Scéime Deontas Teagasc Baile:**
Is iad seo a leanas na rátaí **in aghaidh na huaire a oibrítear** is infheidhme i leith múinteoirí atá **cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta**:

a) Mar mhúinteoir **cáilithe bunscoile** atá ag soláthar teagaisc do dhalta **bunscoile**:

- **€48.23:** méadóidh an figiúr seo le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024
- **€48.72:** méadóidh an figiúr seo le héifeacht ón 1 Deireadh Fomhair 2024

b) Mar mhúinteoir **cáilithe iar-bhunscoile** atá ag soláthar teagaisc do dhalta **iar-bhunscoile**:

- **€53.02:** méadóidh an figiúr seo le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024
- **€53.55:** méadóidh an figiúr seo le héifeacht ón 1 Deireadh Fomhair 2024

**4.2 Ráta Athraithe na Scéime Deontas Teagasc Baile:**
Íocfar na catagóirí teagascóra seo a leanas ag ráta athraithe

- **€40.72:** méadóidh an figiúr seo le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024
- **€41.27:** méadóidh an figiúr seo le héifeacht ón 1 Deireadh Fomhair 2024

a) Múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta **in earnáil oideachais nach ionann í agus an earnáil ina bhfuil siad ag soláthar teagaisc**.

b) Múinteoirí atá cláraithe agus cáilithe agus **atá ag fáil pinsean seirbhíse poiblí**.

**NÓTA:** Is féidir go n-athrófar na rátaí deontais sin le linn na bliana agus, sa chás sin, beidh an ráta deontais a chuirfear i bhfeidhm ag teacht leis an ráta is infheidhme don tréimhse inar soláthraíodh an teagasc.

Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis na rátaí pá atá ceadaithe i gcásanna aonair a chur chuig an seoladh seo a leanas:

1. I gcás iarratasóirí faoin scéim atá ceaptha do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó a bhfuil riachtanais leighis acu:

**An Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**

**Ríomhphost:** **special_education@education.gov.ie** **Teileafón: (090) 648 4187.**

2. I gcás iarratasóirí faoin scéim atá ceaptha do leanaí nach bhfuil áit scoile acu, do dhaltaí atá ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas nó do leanaí faoi chúram (Tusla):

**An tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**

**Ríomhphost:** **hometuitionapprovals@education.gov.ie** **Teileafón: (090) 648 4108**

## 5. Asbhaintí a dhéantar ó íocaíochtaí teagaisc

Déantar na hasbhaintí reachtúla amhail Íoc mar a Thuillir (ÍMAT), Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) ag an bhfoinse tríd an bPárolla a oibríonn an Roinn seo do Bhaill Foirne Neamhtheagaisc.

### 5.1. ÍMAT

Maidir le teagascóir atá fostaithe faoin scéim deontas teagasc baile:

**a)** agus nach bhfuil ag fáil íocaíochta faoi láthair trí phárolla a oibríonn an Roinn seo, nó
**b)** atá fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna in aon cháil,

Ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun Deimhniú Creidmheasanna Cánach agus scoithphointe ráta chaighdeánaigh a fháil i leith a c(h)uid oibre faoin scéim deontas teagasc baile.

Ceanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) an teagascóra agus an Uimhir Chláraithe Fostóra (chun críocha párolla **amháin** do theagascóirí baile).

**Uimhir Chláraithe Fostóra na Roinne Oideachais i gcás Baill Foirne Neamhtheagaisc: 9599516K**

Más rud é, ar aon chúis, nach mbeidh rochtain ag an Roinn seo ar Dheimhniú Creidmheasanna Cánach an teagascóra, gearrfar cáin ar íocaíochtaí ag an ráta éigeandála agus beidh sé de **fhreagracht ar an teagascóir** iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Ní fhéadfaidh an Roinn Oideachais mionsonraí cánach a athrú le haghaidh aon teagascóra agus ní mór di gníomhú de bhun aon treorach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

### 5.2. MSU

Tháinig an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011. Tá tuilleadh faisnéise faoi MSU ar fáil ag: An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) (revenue.ie)

Má bhíonn aon cheisteanna ag teagascóirí maidir le cáin nó maidir le MSU, ba cheart dóibh iad sin a chur ar na **Coimisinéirí Ioncaim** agus orthu sin amháin: https://www.revenue.ie/ga/

### 5.3. ÁSPC

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a riarann Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC). Laistigh den chóras ÁSPC, rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí teagascóirí a aicmiú a bheith faoi dhliteanas i leith asbhaintí ÁSPC ag **aicme "S"**.

Má bhíonn aon cheisteanna ag teagascóirí maidir le ÁSPC, ba cheart dóibh iad sin a chur ar an **Roinn Coimirce Sóisialaí** agus uirthi sin amháin: https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-coimirce-soisialai/

## 6. Ró-íocaíochtaí

**An Scéim Deontas Teagasc Baile**

I gcás go ndéanfar ró-íocaíocht i leith an deontais teagasc baile, forchúiteoidh an Roinn an ró-íocaíocht i gcomhairle leis an teagascóir. Más rud é go bhfuil tuarastal nó pinsean a íoctar trí phárolla a oibríonn an Roinn seo á fháil ag an teagascóir cheana féin freisin, is tríd an íocaíocht sin a aisghabhfar an ró-íocaíocht. Ós rud é go bhfuil airgead poiblí i gceist, aisghabhfaidh an Roinn an ró-íocaíocht trí mhodhanna dlíthiúla, nuair is gá.

**Ró-íocaíochtaí Eile Tuarastail**

Más rud é go ndearnadh ró-íocaíocht le linn don teagascóir bheith fostaithe roimhe sin mar mhúinteoir, mar chúntóir riachtanas speisialta nó i gcáil eile ar phárolla a oibríonn an Roinn seo, forchúiteofar aon ró-íocaíocht atá amuigh ó íocaíochtaí eile leis an teagascóir de réir théarmaí Chiorclán 15/04.

## 7. Stádas Fostaíochta

Nuair a chomhaontaíonn teagascóir teagasc a sholáthar, **ní dhéantar** fostóir an teagascóra den Roinn Oideachais. Is **gníomhaire párolla** í an Roinn, a ghníomhaíonn thar ceann tuismitheoirí/thar ceann caomhnóirí dlíthiúla ar ceadaíodh iad chun cistí a fháil faoin scéim deontas teagasc baile. Is socrú príobháideach é idir an tuismitheoir/an caomhnóir dlíthiúil agus an teagascóir.

**Ní ann d'aon chaidreamh conarthach idir an teagascóir agus an Roinn**.

- Dá bhrí sin, ní féidir leis an Roinn deimhnithe tuarastail, stair fostaíochta ná teistiméireachtaí a sholáthar do theagascóirí. Ní féidir léi foirmeacha a chomhlánú dóibh ach oiread, amhail iarratais ar dheontas SUSI nó foirmeacha a bhaineann le leas sóisialach a éileamh ón Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Agus sochair á n-éileamh acu, ba cheart do theagascóirí an Roinn Coimirce Sóisialaí a chur ar an eolas go bhfuil siad aicmithe mar **dhaoine dífhostaithe agus gur faoi aicme S a thógtar gach asbhaint ÁSPC**.
- **Ní cháilíonn** teagascóirí d'íocaíochtaí saoire bliantúla ná do chreidmheas incriminteach. Ní ináirithe chun críocha seirbhíse inphinsin atá obair a dhéantar faoin scéim teagasc baile.

## 8. Gealltanais agus Coinneáil Taifead

Tá oibleagáid ar gach teagascóir téarmaí agus coinníollacha na scéime teagasc baile, na rialacha maidir le híocaíocht, agus an fhaisnéis faoin bpróiseas le haghaidh foirmeacha éilimh íocaíochta a chomhlánú a léamh agus a thuiscint agus cloí leo. I gcomhar le tuismitheoirí/le caomhnóirí dlíthiúla, tá teagascóirí freagrach as na gnéithe uile de gach ceadú a dheimhniú do gach dalta ar chomhaontaigh siad é/í a theagasc – na huaireanta a ceadaíodh do gach dalta in aghaidh na seachtaine, tréimhse an cheadaithe sin, etc. **Agus íocaíocht á héileamh, síníonn an dá pháirtí doiciméadacht lena ndeimhnítear go ndearna siad amhlaidh.**

- I gcás ceisteanna a bhaineann leis na gnéithe sonracha d'éileamh íocaíochta gníomhach, **ní mór iad a tharchur chuig an tuismitheoir/chuig an gcaomhnóir dlíthiúil** a liostáil an teagascóir chun teagasc a sholáthar.
- **Níl an Rannóg um Dheontais Riachtanas Speisialta agus Deontais Teagaisc in ann a dheimhniú go bhfuarthas foirmeacha éilimh**. Níl sí in ann na mionsonraí ar fhoirmeacha éilimh a dheimhniú ná plé le haon cheisteanna eile ar cheart iad a bhainistiú idir an teagascóir agus an tuismitheoir/an caomhnóir dlíthiúil ach oiread.

Tá gach teagascóir **freagrach as a t(h)aifid féin a choinneáil ar na huaireanta a ceadaíodh, ar na huaireanta a éilíodh, etc.**, i gcomhar le tuismitheoirí/le caomhnóirí dlíthiúla. In imthosca eisceachtúla, seolfar cóipeanna de na foirmeacha éilimh íocaíochta chuig an tuismitheoir/chuig an gcaomhnóir dlíthiúil agus **chuig an duine sin amháin**.

## 9. Mionsonraí Teagmhála

Má bhíonn aon cheisteanna eile agat faoi **phróiseas íocaíochta** na scéime deontas teagasc baile, seol do cheist chuig htpayments@education.gov.ie nó cuir glao ar an Roinn ar (090) 648 3996.

Is féidir ceisteanna maidir le **cúnamh deontais a cheadú** dóibh sin atá ag déanamh iarratas ar fhorais **riachtanas speisialta oideachais nó riachtanas leighis** a chur trí ríomhphost a sheoladh chuig special_education@education.gov.ie nó trí ghlao a chur ar (090) 648 4187.

Is féidir ceisteanna maidir le **cúnamh deontais a bhaineann le máithreachas** a cheadú, maidir le cúnamh deontais a cheadú do **leanaí nach bhfuil áit scoile acu** agus maidir le cúnamh deontais a cheadú do leanaí atá faoi chúram Tusla a chur trí ríomhphost a sheoladh chuig hometuitionapprovals@education.gov.ie nó trí ghlao a chur ar (090) 648 4108.

## 10. Aguisín A – Dátaí Íocaíochta

**NÓTA: níl na dátaí seo tugtha ach amháin mar threoirlíne agus is féidir go n-athrófar iad ar chúiseanna éagsúla amhail iad seo a leanas:**

- dátaí deiridh níos luaithe do shaincheisteanna párolla a bhaineann le laethanta saoire bainc;
- dátaí deiridh níos luaithe do shaincheisteanna párolla um Cháisc, um Nollaig agus ag an mBliain Nua.

Foilseofar mionsonraí faoi aon athruithe den sórt sin ar shuíomh Gréasáin na Roinne de réir mar a chuirtear ar fáil iad. Moltar go láidir do thuismitheoirí/do chaomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí suíomh Gréasáin na Roinne a sheiceáil go tráthrialta: gov.ie - Teagasc Baile (www.gov.ie).

| Tréimhse íocaíochta | Raon dátaí | Seacht ainí is iníocht a | Spriocdháta | Dáta atáthar ag súil leis go mbeidh an íocaíocht i gcuntais bhainc |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | 2 Meán Fómhair – 20 Meán Fómhair | 3 | 24 Meán Fómhair | 10 Deireadh Fómhair |
| **2.** | 23 Meán Fómhair – 18 Deireadh Fómhair | 4 | 22 Deireadh Fómhair | 7 Samhain |
| **3.** | 21 Deireadh Fómhair – 15 Samhain | 3 | 19 Samhain | 5 Nollaig |
| **4.** | 18 Samhain – 29 Samhain* | 2 | 3 Nollaig | 19 Nollaig |
| **5.** | 2 Nollaig – 10 Eanáir | 4 | 14 Eanáir | 30 Eanáir |
| **6.** | 13 Eanáir – 7 Feabhra | 4 | 11 Feabhra | 27 Feabhra |
| **7.** | 10 Feabhra – 7 Márta | 3 | 11 Márta | 27 Márta |
| **8.** | 10 Márta – 4 Aibreán | 4 | 8 Aibreán | 24 Aibreán |
| **9.** | 7 Aibreán – 2 Bealtaine | 2 | 7 Bealtaine | 22 Bealtaine |
| **10.** | 6 Bealtaine – 30 Bealtaine | 4 | 4 Meitheamh | 19 Meitheamh |
| **11.** | 3 Meitheamh – 27 Meitheamh | 4 | 1 Iúil | 17 Iúil |
| **12. (AN BABHTA ÍOCAÍOCHTA DEIRIDH SA SCOILBHLIAIN 2024/25)** | 30 Meitheamh – 25 Iúil | 4 | 29 Iúil | 14 Lúnasa |

Ba cheart don tuismitheoir/don chaomhnóir dlíthiúil agus don teagascóir foirmeacha éilimh íocaíochta a chomhlánú a luaithe a chríochnaítear an teagasc ag deireadh gach tréimhse íocaíochta. Chun an spriocdháta le haghaidh íocaíocht a éileamh a chomhlíonadh do gach tréimhse, ní mór na foirmeacha atá comhlánaithe go cuí a bheith faighte sa Roinn faoin Máirt ina dhiaidh sin nó, i gcás seachtain ina bhfuil lá saoire bainc, faoin gCéadaoin tar éis dheireadh na tréimhse íocaíochta.

Déanfar foirmeacha éilimh íocaíochta atá comhlánaithe go cuí agus a fhaightear ar an spriocdháta nó roimhe a phróiseáil lena n-íoc isteach i gcuntas bainc na dteagascóirí ar na dátaí atá ainmnithe thuas. Tabhair faoi deara gur féidir go ndéanfaidh fadhbanna leis an gcóras baincéireachta nach mbeidh aon smacht ag an Roinn Oideachais orthu difear d'uainiú íocaíochtaí. Is annamh a tharlóidh sé sin, áfach.

I gcás nach gcomhlíonfar an spriocdháta, déanfar foirmeacha éilimh íocaíochta atá comhlánaithe go cuí a iontráil isteach sa chéad bhabhta íocaíochta eile a bheidh ar fáil.

* An babhta íocaíochta deiridh roimh an Nollaig. Más rud é nach gcuirfear foirmeacha éilimh atá comhlánaithe go cuí isteach faoin dáta seo, cuirfear moill ar an íocaíocht agus déanfar an 30 Eanáir 2025 í.

# Aguisín B – Dátaí Neamh-Iníoctha

Dátaí sa scoilbhliain 2024/25 **NACH** n-íocfar an deontas teagasc baile ina leith:

| Mí | Imeacht | Dátaí (an dá lá san áireamh) |
|---|---|---|
| **Deireadh Fómhair/Samhain** | Briseadh Lár Téarma | An Luan an 28 Deireadh Fómhar 2024 go dtí an Aoine an 01 Samhain 2024 |
| **Nollaig** | Laethanta Saoire na Nollag | An Luan an 23 Nollaig 2024 go dtí an Aoine an 03 Eanáir 2025 |
| **Feabhra** | Lá Saoire Bainc | An Luan an 03 Feabhra 2025 |
| | Briseadh Lár Téarma | An Luan an 17 Feabhra 2025 go dtí an Aoine an 21 Feabhra 2025 |
| **Márta** | Lá Saoire Bainc | An Luan an 17 Márta 2025 |
| **Aibreán** | Laethanta Saoire na Cásca | An Luan an 14 Aibreán 2025 go dtí an Aoine an 25 Aibreán 2025 |
| **Bealtaine** | Lá Saoire Bainc | An Luan an 05 Bealtaine 2025 |
| **Meitheamh** | Lá Saoire Bainc | An Luan an 02 Meitheamh 2025 |